Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008

# EALAÍN

## Ceardaíocht

Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Déardaoin, 8 Bealtaine Maidin 9.30 – 12.00 Tráthnóna 2.00 – 4.30**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarrthóirí **Dé Máirt, 29 Aibreán**

**Treoracha**

Ceadaítear bileog **amháin** A2 de sceitsí ullmhúcháin a thabhairt isteach san ionad scrúdaithe mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

**Ní cheadaítear** duit aon **áis amhairc** sa bhreis (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe nó obair ealaíne réamhullmhaithe) a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil.

Ceadaítear úsáid a bhaint as pé ábhair cheardaíochta agus uirlisí is gá chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh.

Ní cheadaítear ábhair orgánacha mheatacha a úsáid.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog, agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

**Céim 1: Bileog de Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE) (0 marc)**

Do chuid **taighde** is cóir a bheith sa bhileog A2 seo de sceitsí ullmhúcháin agus is cóir duit iad sin a dhéanamh le linn na seachtaine roimh an scrúdú. Is féidir rogha a bheith anseo de na léirthuiscintí a bhaineann tusa go pearsanta as an gceist a roghnaigh tú, agus smaointe faoin gceist a ndearna tú taighde orthu. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh an obair ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis, íomhánna gearrtha amach, fótagraif nó íomhánna rianaithe, ní mór obair dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

**Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) (10 marc)**

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin **a fhorbairt.** Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T mar a oireann don cheist a roghnaigh tú agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Is féidir sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú agus tagairt ar leith a dhéanamh do na tréithe físiúla, feidhmiúla agus ábhartha a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe agat. **Ní mór duit oibriú go díreach ar do bhileog A2** agus úsáid a bhaint as sceitsí amháin, agus iad daite más mian leat. Caillfear marcanna más cóip dhíreach ón mbileog de Sceitsí Ullmhúcháin a dhéanann tú. Bíodh do chuid oibre ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3: Ceardaíocht Chríochnaithe (90 marc)**

Déantar do phíosa ceardaíochta le linn an scrúdaithe.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach tréshoilseach ceardaíochta duit ina gcuirfidh tú na nithe seo a leanas:***

An bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin

An bhileog A2 de Réamhsceitsí

Aon ní eile nó nithe eile (má shonraítear iad sa cheist atá freagartha agat)

Do phíosa ceardaíochta críochnaithe, más píosa déthoiseach é

Más ceardaíocht thríthoiseach atá déanta agat, is cóir í a chur anuas ar do chlúdach ceardaíochta séalaithe agus an lipéad cuí feistithe de.

**Freagair ceann amháin díobh seo a leanas:**

## 1. Leabharcheardaíocht

Dear agus déan comhad bosca **nó** vallait doiciméad **nó** fillteán chun gearrtháin ar cheann amháin de na topaicí seo a leanas a choinneáil ann:

(a) Ócáidí speisialta

(b) Do Rogha Bianna

(c) Maisiú Taobh Istigh

Ní mór don saothar críochnaithe leabharcheardaíochta a bheith déanta as ábhair oiriúnacha agus a bheith feidhmiúil. Ba chóir go gcuirfeadh an cruth an topaic in iúl. Uasmhéid: 40 cm sa toise is mó.

**Ábhair**: Meascán ina bhfuil páipéir, cárta, ábhair cheangail, naisc, péinteanna, dúigh, ábhair cholláise, greamachán agus uirlisí a bhaineann leis an ngnó.

## 2. Peannaireacht

Dear agus déan píosa peannaireachta bunaithe ar iomlán **nó** ar chuid (5 líne ar a laghad) de **Théacs (a)** nó de **Théacs (b)**. Tá cead agat cur chuige traidisiúnta agus/nó nua-aimseartha peannaireachta a úsáid i do chuid oibre. Tá cead agat colláis, meáin mheasctha nó teicníocht chuí ar bith eile a úsáid.

### Téacs (a)

*Concerto na Toirní in B mion*

Ceol stoirme:
Lig dó tosú go mall –
Buaileann sileadh trialach báistí
rithim theann ar do dhíon
Ag éirí níos dána gach soicind
Lig dó réabadh ar aghaidh
I ndromabhuillí mire
An bháisteach ag éirí ina crescendo
Ansin tabhair isteach an toirneach
Lig di plimpíl le muinín alto
A dordtormáil le do chás a chlagairt
Na cuibhrigh a chuireann glas ort a chnaí
Lig don stoirm áladh i gcordaí scáfara
Agus géara is maoil ina gcith ón spéir
Ansin, idir na croisíní, plimp statach tintrí
Geáitsí an stiúrthóra ag ciúáil do scréiche
Agus cuireann an luas mire ina thormáil thréith
agus an t-ionsaí ag síothlú go barralínte i gcéin
(curtha in oiriúint ó dhán le Helen Mort)

### Téacs (b)

Corrmhíolta ag rince faoin ngrian
Ina snáthaidí beo solais ag rith
Ar an aer, ar foluain i bhfuaim chiúin,
Ballet néil, timpeall is timpeall,
Go luath, le corp an duine a aimsiú.

Slisíní bioránacha, sciathánacha, bána,
Rothlaíonn in eitilt chorrach, phaiseanta –
Seabhrán adamh ina bhfáinní fáin,
Ag scinneadh, ag preabadh,
Ag sciurdadh ar thargaid.
I bhfithis ar fhithis de sholas órgheal,
Corrmhíolta ag réiteach le plaic a bhaint.

Odette Tchernine

**Ábhair**: dromchla oiriúnach d’obair pheannaireachta – uasmhéid A2; ábhair éagsúla do cholláis, dúigh, péinteanna, pinn litreoireachta, scuaba, marcóirí peannaireachta, rialóir, crosbhacart, etc. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a cuireadh ar fáil, **ní mór don fheitheoir an bhileog a shíniú sula dtosaíonn an** scrúdú á dheimhniú go bhfuil sí folamh.

## 3. Póstaer

Dear agus déan póstaer **nó** cárta taispeána do cheann amháin de na topaicí seo a leanas

(a) Staid i Railí Carranna

(b) Athchúrsáil Athúsáid

(c) Is Réalta Thú

Tá do phóstaer críochnaithe le bheith ar taispeáint i scáthlán bus nó sa halla teachta in aerfort. Ní mór **teideal** na topaice roghnaithe (a) Staid i Railí Carranna, (b) Athchúrsáil Athúsáid, **nó** (c) Is Réalta Thú a chur ar an saothar críochnaithe. Is fearr litreoireacht phearsanaithe lámhdhéanta, a úsáid. Tá sé ceadaithe stionsal aibítre atá gearrtha agat féin a úsáid ach **ní mór an leagan amach agus spásáil na litreoireachta a chur i gcrích i gcaitheamh an scrúdaithe.** Is fút féin atá cruth agus cineál an chárta fógraíochta a roghnú, ach níor chóir dó a bheith níos mó ná A2 ar a mhéid. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a cuireadh ar fáil, **ní mór don fheitheoir an bhileog seo a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú go bhfuil sí folamh.

**Ábhair:** Páipéir cholláise; cárta; ábhair uigeacha; greamacháin; dúigh; péinteanna; scuaba; rialóir; crosbhacart; meán ar bith eile a thriomaíonn go tapa etc.
**Ní mór aon stionsal a úsáidtear a chur isteach.**

## 4. Fíodóireacht

Dear agus déan brat balla **nó** taipéis **nó** painéal do mhála gualainne agus bíodh ceann de na téamaí seo a leanas mar fhoinse don dearadh:

(a) Péintéireacht Chiúbaí

(b) Íomhánna agus dathanna a spreagann an dán seo a leanas:

Bríce liath ar bhríce liath,
Prás roscach
Ar sheastáin ghruama –
Ó Conaill, Grattan, Moore –
Agus tugaí na grúdlainne agus na healaí
Ar an sruth faoin na balastráidí
Agus cnámha loma feanléis
Os cionn doras ocrach
Agus an t-aer bog ar an leiceann ….
Na soilse ag damhsa ar an abhainn
De gluaiseacht consairtín
Agus éiríonn an ghrian ar maidin
Ar nós eornóige ar an uisce
Agus an ceobhrán ar chnoic Chill Mhantáin
I ngar dúinn….
Louis Mac Neice (1907-1963)

Bain úsáid as ábhair agus teicníochtaí éagsúla san inneach. Bain úsáid as dath, cruth, uigeachtaí agus patrúin chun barr feabhais a chur ar do shaothar. Is féidir meáin mheasctha a úsáid.

**Ábhair**: Deilbh réamhullmhaithe ar sheol nó ar fhráma; éagsúlacht snátha, olla agus ábhar solúbtha atá oiriúnach don fhíodóireacht.

## 5. Líonóilphriontáil/Blocphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) An Ceoltóir

(b) Duilleoga an Fhómhair ag titim

(c) Foirgnimh: sean nó nua

Ba chóir toisí 15 cm × 20 cm ar a laghad a bheith i do phrionta críochnaithe. Is féidir dearadh a dhéanamh do phrionta aondathach **nó** do phrionta a a mbeidh dhá dhath ar a laghad ann. Ba chóir cineálacha éagsúla gearrthacha a úsáid i do shaothar agus tuiscint chuimsitheach ar airíonna na líonóilphriontála/blocphriontála a léiriú.

**Ábhair**: píosa(í) líonóile nó blo(i)c adhmaid (ag brath ar cé acu modh laghdaitheach nó bloc ar leith do gach dath a bheidh á úsáid agat) nach lú ná 20 cm × 15 cm; páipéar rianaithe, páipéar priontála, dúigh phriontála intuaslagtha in uisce a thriomaíonn go tapa, uirlisí gearrtha agus priontála, etc.
**N.B.** Má tá do chuid priontaí fliuch fós ag deireadh an scrúdaithe, clúdaigh go cúramach le plaisteach glé iad sula gcuireann tú sa chlúdach ceardaíochta iad. Ba chóir duit an líonóil / an t-adhmad (agus plaisteach timpeall air) agus do chuid rianaithe a thabhairt isteach freisin.

## 6. Puipéadacht

Déan puipéad lámhainne, puipéad maide nó puipéad téide bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Oirfidigh shráide

(b) Pearsa Teilifíse

(c) An Rothaí

Ba chóir go mbeadh do phuipéad oiriúnach do léirithe iomadúla. Ní mór na héadaí agus na hoiriúintí a dhéanamh le linn an scrúdaithe.

**Ábhair**: Fabraic, snáth, éagsúlacht ábhar uigeach, péinteanna, etc; bunchruth na lámhainne agus é fuaite, an bhunchabhail déanta as cúr-rubar, *papier maché* nó as ábhair éadroma eile. Ní mór na baill choirp ar fad a chur le chéile agus a mhaisiú le linn an scrúdaithe.

## 7. Scáthlánphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Fál Sceach san Earrach

(b) Locháin Uisce sa Chathair

(c) An Margadh

Bain úsáid as trí dhath ar a laghad. Ní mór forphriontáil a bheith i do dhearadh. Is féidir leat priontáil ar chúlra de do rogha féin atá oiriúnach don dearadh. Níor chóir toisí níos mó ná 100 cm × 100 cm a bheith i do phrionta críochnaithe.

**Ábhair**: Fabraic, scáileáin, ábhar stionsail, dúigh phriontála, cuimleoirí, téip chumhdaigh, etc.

## 8. Teicstílí Lámhphriontáilte

Dear agus priontáil athphatrún leath-thite ar phíosa d'ábhar oiriúnach. Níor chóir toisí níos mó ná 100 cm × 100 cm a bheith i do phrionta críochnaithe.
Déan taighde agus forbairt ar do dhearadh ó cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) An Pháirc

(b) Cruthanna agus Dathanna ar an Trá

(c) An tÁiléar

Bain úsáid as trí dhath phriontáilte ar a laghad. Ní mór forphriontáil a bheith i do dhearadh. Cuir le héifeacht do dhearaidh agus aird á tabhairt agat ar ghluaiseacht, sní agus nascacht.

**Ábhair**: Fabraic oiriúnach, ábhar stionsail, bloic, ruaimeanna, dúigh, etc.

## 9. Baitíc

Dear agus déan baitíc ar fhabraic oiriúnach de do rogha féin. Ní mór do dhearadh a fhorbairt ó cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Roghanna Stíl Mhaireachtála

(b) Seaniascaire

(c) Balúin agus Grán Rósta ar an Aonach

Ba chóir do bhaitíc a thumadh go hiomlán faoi dhó ar a laghad le linn an phróisis. Ba chóir lámhphéinteáil a dhéanamh ar réimsí beaga sonracha amháin. Níor chóir do do phrionta críochnaithe a bheith níos mó ná 100 cm sa toise is mo.

**Ábhair**: Fabraic oiriúnach do bhaitíc, céir, ruaimeanna, *tjanting*, scuaba, iarann smúdála, etc.

## 10. Criadóireacht

Dear agus déan ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) Bosca uirlisí a mbeidh a inspreagadh i saothar Matisse nó Piet Mondrian

(b) Dealbhóireacht a sheasann leis féin a mbeidh a inspreagadh san Athchúrsáil

(c) Plaic a chomórann áit bhreithe File Éireannaigh ar bith

Caithfidh tú do shaothar a bhácáil agus a mhaisiú le hábhair oiriúnacha, sleamhnáin, glónraí agus ocsaídí, mar shampla. Uasmhéid 40 cm sa toise is mó.

**Ábhair**: Cré réamhullmhaithe do do rogha teicníocht (ar roth nó lámhdhéanta); trealamh agus ábhair chuí chriadóireachta: sleamhnáin, glónraí, ocsaídí, etc.

## 11. Bróidnéireacht

Dear agus bróidnigh cúisín **nó** brat balla maisithe **nó** painéal do chúl culaith dhamhsa nua-aimseartha a mbeidh a inspreagadh i gceann amháin de na dánta seo a leanas:

(a) Áit a mbrúchtann uisce fáin
Sna cnoic os cionn Ghleann an Chairthe
I linnte i measc na luachra
Ar éigean a d'fholcfadh réalta.
Lorgaímid bric ina gcodladh
Is le cogar ina gcluasa
Tugaimid brionglóidí míshocra dóibh;
Ag síneadh amach go ciúin
Ó raithneach a shileann a deora
Os cionn na sruthán óg.
*W.B. Yeats*

(b) Séid, a ghaotha, agus scoilt bhur leicne! Réab, séid!
Sibhse, a easa agus a hairicíní, steall
Go dtí go bhfliuchfaidh sibh ár spuaiceanna,
go mbáfaidh sibh ár gcoiligh spuaice!
A thinte ruibheacha a mhúchann smaointe,
teachtairí maíteacha na gcaor thine a scoilteann
dair,
Dóigh mo chloigeann liath! Agus tusa,
a thoirneach a chroitheann chuile rud,
Sín cothrom cruinneas tiubh an domhain!
Scoilt múnlaí an nádúir, doirt na ginidíní láithreach
A gcumtar díobh an duine míbhuíoch! . . .
*William Shakespeare, King Lear*

Bain úsáid as trí ghreim éagsúla ar a laghad (greim láimhe agus/nó greim meaisín) agus as teicníochtaí éagsúla, mar shampla, feiltiú, stuáil, obair phaistí, *appliqué*, etc.

**Ábhair**: Ábhair éagsúla, ina measc earraí aimsithe, fabraicí, snáitheanna bróidnéireachta, cnaipí, coirníní, ribíní, seacainí, ábhar glioscarnach, sreang, *papier maché*, etc.

## 12. Snoíodóireacht Adhmaid/Snoíodóireacht

Dear agus snoigh ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) Saothar a sheasann leis féin, bunaithe ar 'An Laoch'.

(b) Trinsiúr bunaithe ar an bhFómhar.

(c) Comhartha do Shaoráid Uisce.

Tá an litreoireacht roghnach. Uasmhéid: 40 cm sa toise is mó.

**Ábhair**: Adhmad, plástar nó ábhar oiriúnach ar bith eile; bailchríocha oiriúnacha; trealamh snoíodóireachta.

## 13. Miotalóireacht/Tógáil

Dear agus déan ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) Plaic chun 'Áilleacht Nádúrtha na hÉireann' a chomóradh.

(b) Dealbhóireacht mhiotail, a sheasann leis féin, a mbeidh a inspreagadh in An Fharraige.

(c) Plaic nó saothar a sheasann leis féin dar teideal Saol na Cathrach.

Uasmhéid: 40 cm sa toise is mó.

**Ábhair**: Ábhair chruanta; miotail do theicníochtaí tógála; trealamh chun do dhearadh a chur i gcrích.

## 14. Múnlóireacht

Dear agus múnlaigh píosa dealbhóireachta lánchumtha **nó** i bhfoirm rilífe do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Múnla de réir scála do phíosa dealbhóireachta a sheasann leis féin, le lonnú ag an mbealach isteach in Ionad Pobail

(b) Píosa dealbhóireachta a sheasann leis féin, le lonnú ar mhótarbhealach nua gar d'Ionad Aclaíochta

(c) Painéal balla maisithe le húsáid san ionad fáilte in ospidéal nua

Ba chóir duit na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le solas á fhrithchaitheamh ar dhromchlaí agus ar phlánaí a chur san áireamh. Uasmhéid: 40 cm sa toise is mó.

**Ábhair**: Is féidir na múnlaí a dhéanamh as cré, as cré a thriomaíonn go tapa, as marla nó as ábhair ar bith eile atá oiriúnach do theicníochtaí múnlóireachta. Is féidir ábhair bhreise a chur le do shaothar.

**Leathanach Bán**